Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/2030(DEC)

21.2.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023
(2024/2030(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go luaitear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas, neamhionannais a dhíchur agus comhionannas inscne a chur ar aghaidh ina chuid gníomhaíochtaí uile, ar an tslí sin go mbunófar prionsabal an phríomhshruthaithe inscne; de bhrí nach mór comhionannas inscne a ionchorprú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais, lena n-áirítear trí bhuiséadú inscne ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach; de bhrí gur ceart bunúsach é an comhionannas faoi Chonradh Liospóin agus gur tosaíocht don Aontas é agus go bhfuil sé ríthábhachtach comhionannas inscne a bhaint amach chun seasamh leis na cearta sin; de bhrí go bhfuil ról lárnach ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) le linn tacú le hinstitiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit an aidhm sin a bhaint amach; de bhrí gurb é cuspóir EIGE cur le cur chun cinn an chomhionannais inscne agus é a neartú, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i mbeartais uile an Aontais, cúram a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil sé ríthábhachtach agus éifeachtach; de bhrí go gcuirtear i bhfios go láidir mar sin nach mór acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha agus cobhsaí a sholáthar do EIGE chun a chúraimí a chomhall;

B. de bhrí gur bunaíodh EIGE chun cur le cur chun cinn an chomhionannais inscne san Aontas agus é a neartú, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i mbeartais uile an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe bunaithe ar inscne, agus aird shaoránaigh an Aontais a tharraingt ar chomhionannas inscne;

C. de bhrí go ndíríonn príomh-mhisean EIGE ar chomhionannas inscne a bhaint amach san Aontas trí thaighde a sholáthar, sonraí a bhailiú agus a chur in iúl, agus modhanna a fhorbairt chun staidreamh agus bailiú sonraí a fheabhsú, staid an chomhionannais inscne a thomhas ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát araon, uirlisí modheolaíochta a fhorbairt agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do phríomhshruthú inscne, agus comhoibriú le hinstitiúidí an Aontais, lena Bhallstáit, gníomhaireachtaí an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, an saol acadúil, an tsochaí shibhialta agus geallsealbhóirí eile;

D. de bhrí gur sháraigh Innéacs Comhionannais Inscne 2023 don Aontas Eorpach (AE) 70 pointe den chéad uair, ina léirítear fás measartha 1.6 pointe ó 2022 i leith; de bhrí go bhfuil an méadú ar scór foriomlán an Aontais ar an ardú bliain ar bhliain is airde ó foilsíodh an chéad eagrán den Innéacs in 2013; de bhrí go bhfuil comharthaí cúlchéimnithe ag roinnt réimsí, go háirithe i méadracht eacnamaíoch agus ioncaim;

E. de bhrí gur dhírigh obair EIGE in 2023 ar dhá thosaíocht théamacha: an Comhaontú Glas don Eoraip agus an foréigean inscnebhunaithe; de bhrí go gcuireann géarchéimeanna le leochaileacht agus nochtadh na mban don fhoréigean, ina ngéaraítear ar neamhionannais struchtúracha láithreacha agus ina gcuirtear in olcas gach cineál

foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach agus síceolaíoch; de bhrí gur gnéithe ríthábhachtacha chun comhionannas inscne a bhaint amach iad cloí le prionsabal an phríomhshruthaithe inscne, ina n-ionchorpraítear gné atá íogair ó thaobh inscne de agus ina ndéantar taighde ar éifeacht na mbeartas uile ar mhná; de bhrí go bhfuil tearcionadaíocht ag mná i bpríomhróil sa bheartas aeráide, ó líonann fir 67% de na róil chinnteoireachta a bhaineann leis an aeráid fós; de bhrí gur chuir EIGE in iúl chomh maith go bhfuil tearcionadaíocht ag mná i gcruthú agus i bhforbairt na nuálaíochta glaine; de bhrí go bhfuil breisluach aige sin do cheapadh beartas Eorpach;

F. de bhrí go bhfuil comhionannas inscne san Aontas buailte go háirithe ag iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ag géarchéim an chostais maireachtála, a bhuaileann mná go díréireach agus ag frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban; de bhrí go gcuireann sé sin le neamhionannais tuilleadh; de bhrí gur dhírigh obair EIGE chomh maith ar fhoréigean inscnebhunaithe (GBV), trí oibriú ar shuirbhé uile-Aontais ar GBV chun an bhearna sonraí 10 mbliana ar leitheadúlacht an fhoréigin in aghaidh na mban san Aontas a dhúnadh; de bhrí go n-oibríonn EIGE chun fianaise a sholáthar ar GBV is féidir tacú le AE agus leis na Ballstáit (agus níos faide i gcéin) ina n-iarrachtaí gach cineál foréigin a dhíothú;

G. de bhrí go gcuireann gníomhaireachtaí an Aontais, amhail EIGE, le cur chun feidhme bheartais an Aontais agus go bhféachann siad le hEoraip níos inbhuanaithe, níos cuimsithí agus níos iomaíche a fhorbairt chun leasa shaoránaigh uile an Aontais; de bhrí go bhfuil na gníomhaireachtaí sin díláraithe agus, ar an tslí sin, go bhfuil siad neamhspleách i bhforbairt a gclár oibre;

1. á chur i bhfáth go bhfuil neamhionannais eacnamaíocha, shóisialta, saothair agus inscne laistigh de na Ballstáit agus eatarthu tar éis dul i ngéire le deich mbliana anuas; á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag EIGE i méid agus i gcúiseanna an neamhionannais inscne san Aontas a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu; ag tabhairt dá haire go bhfuil ardleibhéal leanúnach forghníomhaithe buiséid ag EIGE, d’ainneoin thearcfhoireann leanúnach na gníomhaireachta, le gealltanas leithreasuithe suas le 98% in 2023 agus ráta leithreasuithe íocaíochta 83%; á thraoslú le EIGE as 92.76% de chuspóirí a chláir oibre a bhaint amach; ag tabhairt dá haire gur díríodh in Innéacs Comhionannais Inscne 2023 ar an tionchar a bhíonn ag bearnaí inscne agus ar an tionchar a bhíonn ag iarrachtaí aistrithe ghlais orthu, go háirithe in earnálacha amhail fuinneamh, nuálaíocht teicneolaíochta glaise agus iompar glas agus á chur in iúl gur geal léi go dtugann tionscnaimh EIGE léargas ar an bhfeiniméan sin;

2. ag tabhairt dá haire gur bunaíodh EIGE mar lárionad eolais an Aontais maidir le comhionannas inscne chun taighde neamhspleách a chur ar fáil agus dea-chleachtais a roinnt chun idirdhealú bunaithe ar inscne a dhíothú, taighde, sonraí agus uirlisí a chomhcheangal chun cabhrú leis an Aontas agus lena Bhallstáit beartais chuimsitheacha agus chlaochlaitheacha inscne a cheapadh agus comhionannas inscne a phríomhshruthú ina mbeartais uile; á thabhairt chun suntais a phráinní atá sé go rachadh an tAontas chun cinn sa chomhionannas inscne, i bhfianaise na géarchéime leanúnaí, amhail an ghéarchéim aeráide, cogaí, frithfhreagairtí ar an gcomhionannas inscne agus gluaiseachtaí frithdhaonlathacha agus foréigean forleathan inscnebhunaithe; ag cur béim ar an bhfíoras nach féidir go scarfar aghaidh a thabhairt ar fhrithfhreagairtí agus ar

fhoréigean inscnebhunaithe ó dhul i ngleic le neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta; á iarraidh ar EIGE tús áite a thabhairt do thaighde agus do mholtaí a dhíríonn ar an mbearna phá idir na hinscní a laghdú, ar rochtain na mban ar phoist ardcháilíochta a mhéadú, agus ar a neamhspleáchas eacnamaíoch a áirithiú mar chuid bhunúsach dá mhisean; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gurb ionann an bhearna phá idir na hinscní san Aontas agus 13% agus gurb ionann an bhearna phinsin idir na hinscní agus 29%, a dhéanann difear d'fholláine shochaíoch na mban; ag tabhairt dá haire go bhfuil bagairtí ar chearta bunúsacha agus ar neamhspleáchas coirp na mban san Aontas chomh maith, ó tá ionsaithe i gcoinne SRHR fós ann, lena n-áirítear cearta ginmhillte; á athdhearbhú go ndéanann an ghéarchéim aeráide, cogaí agus coinbhleachtaí difear díréireach do mhná chomh maith;

3. ag aithint rátaí arda rathúlachta EIGE le linn gníomhaíochtaí agus feachtais chumarsáide a fhorbairt ar an gcomhionannas inscne, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá aird a tharraingt;

4. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá tús a chur arís le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bpríomhshruthú inscne nár bhain ráta ratha 100% amach, go háirithe iad siúd ar chúiseanna nós imeachta;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil taighde tábhachtach déanta ag EIGE a léiríonn conas atá an foréigean mar thoradh ar neamhionannais a dhéanann difear do na mná go léir, ach go deimhin go bhfuil roinnt grúpaí ban níos leochailí ó thaobh a bheith thíos leis an bhforéigean amhail mná faoi mhíchumas; á iarraidh ar EIGE tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid oibre sa todhchaí ar an ábhar práinneach sin;

6. ag tabhairt dá haire go measann EIGE cheana féin go bhfuil an foréigean in aghaidh na mban ar cheann de na sáruithe is tromchúisí ar chearta an duine laistigh de shochaithe;

7. ag aontú le EIGE ina thaighde gur minic mná agus cailíní faoi mhíchumas i mbaol breise a bheith iomparbhocht toisc inacmhainneacht, infhaighteacht agus inrochtaineacht iompair theoranta;

8. á chur in iúl gur geal léi buaicphointí comhionannais inscne EIGE a léirigh go raibh an sciar ab airde de mhná ag an gCróit agus ag an nGréig i measc pearsanra taighde agus nuálaíochta i bhfiontair ghnó in earnálacha an tsoláthair leictreachais agus gáis agus uisce; ag tabhairt dá haire go bhfuil breisluach ag an bhfaisnéis sin do chúis an chomhionannais inscne sa mhargadh fuinnimh;

9. ag tabhairt dá haire gur féidir méadú 8.5% ar chostais foirne EIGE a chur síos don ráta ard boilscithe leanúnaigh chomh maith le hinnéacsú 2.7% ar thuarastail, agus gur fhan meánlíon na foirne ag 45; ag tabhairt dá haire gur fostaíodh beirt ghníomhairí ar conradh agus gur cistíodh iad le comhaontú ranníocaíochta IPA le hArd-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú; ag tabhairt dá haire go luaitear i Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú in Airteagal 6 gur cheart go bhfeidhmeodh EIGE go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail; á mheabhrú gurb é cúram EIGE faisnéis a bhaineann le comhionannas inscne a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh agus uirlisí modheolaíocha a fhorbairt, a anailísiú, a mheas agus a scaipeadh chun tacaíocht a

thabhairt do lánpháirtiú an chomhionannais inscne i mbeartais an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu; ag aithint go bhfuil easpa foirne fós ar EIGE, mar a léirítear i dtorthaí an dara meastóireacht sheachtrach; á chur i bhfáth go n-iarrann sí go ndeonófaí an buiséad agus na leithdháiltí foirne is gá do EIGE chun a chur ar a chumas a chúraimí a chomhall, lena n-áirítear mar fhreagairt ar na héilimh phráinneacha atá ag dul i méid, ar chúnamh teicniúil, agus ar iarrataí ar a sheirbhísí;

10. á mheabhrú gur cuireadh EIGE ar bun chun cabhrú leis na hinstitiúidí Eorpacha agus leis na Ballstáit comhionannas inscne a phríomhshruthú ina mbeartais uile agus idirdhealú inscnebhunaithe a chomhrac trí staidéir suas chun dáta a sholáthar, agus, mar sin, go gcuireann sé go mór leis na hiarrachtaí chun fíor-chomhionannas inscne a bhaint amach;

11. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir EIGE agus an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM), go háirithe rannchuidiú na hInstitiúide le hiarrachtaí leanúnacha an Choiste maidir le foréigean inscnebhunaithe, cothromaíocht oibre is saoil, an bhearna phá agus phinsin idir na hinscní, tionchar géarchéimeanna ar mhná, príomhshruthú inscne agus buiséadú; ag tacú go láidir le hobair na hInstitiúide, a chuireann ar chumas an Choiste a chuid oibre a dhéanamh i gceart; á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé sonraí iontaofa atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bheith ar fáil chun go lamhálfar beartais a cheapadh ar bhonn fianaise; ag cur sonrú sa rannchuidiú luachmhar is féidir le EIGE a dhéanamh le Coistí uile Pharlaimint na hEorpa agus le gníomhaireachtaí eile an Aontais chun príomhshruthú inscne a chomhtháthú ar shlí níos fearr ar fud bheartais agus gníomhaíochtaí an Aontais; á iarraidh ar EIGE creat trasnach a ghlacadh ina thaighde agus ina cheapadh beartais chun aghaidh a thabhairt ar na dearg-mhíbhuntáistí sóisialta agus eacnamaíocha atá ag mná ó ghrúpaí imeallaithe, lena n-áirítear mná de dhath, imircigh, daoine faoi mhíchumas, agus daoine aonair LGBTIQA+; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé sonraí imdhealaithe a bhailiú chun réitigh spriocdhírithe a fhorbairt i gcomhair na ngrúpaí sin;

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ar bhonn na sonraí atá ar fáil faoi láthair, gur féidir urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir EIGE i leith chur chun feidhme bhuiséad EIGE don bhliain airgeadais 2023.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cáil mar Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS FAOI GHLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	18.2.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 27 –: 10 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Mireia Borrás Pabón, Irmhild Boßdorf, Mélissa Camara, Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Elisabeth Dieringer, Rosa Estaràs Ferragut, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Chiara Gemma, Assita Kanko, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Elena Kountoura, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Irene Montero, Carolina Morace, Maria Noichl, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Marko Vešligaj, Maria Walsh, Lucia Yar
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Elena Donazzan, Loucas Fourlas, Elisabeth Grossmann, Jana Toom
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Gabriella Gerzsenyi, Nikos Papandreou

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

27	+
PPE	Loucas Fourlas, Gabriella Gerzsenyi, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Maria Walsh
Renew	Abir Al-Sahlani, Valérie Devaux, Jana Toom, Lucia Yar
S&D	Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Maria Noichl, Nikos Papandreou, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Marko Vešligaj
The Left	Elena Kountoura, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

10	-
ECR	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Assita Kanko, Laurence Trochu
ESN	Irmhild Boßdorf
NI	Judita Laššáková
PfE	Mireia Borrás Pabón, Elisabeth Dieringer, Sebastian Kruis, Margarita de la Pisa Carrión

1	0
PPE	Rosa Estaràs Ferragut

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh